C/2026/4640

31.8.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12592 — IBERDROLA / CARUNA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4640)

1. An 21 Lúnasa 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Iberdrola Energía Internacional, S.A.U. ('Iberdrola Energía Internacional', an Spáinn), faoi rialú Iberdrola, S.A. ('Iberdrola Group', an Spáinn),

— Caruna Networks Oy ('Caruna', an Fhionlainn), faoi rialú comhpháirteach Ontario Teachers' Pension Plan Board (Ceanada) agus KKR & Co. Inc. (na Stáit Aontaithe) faoi láthair.

Gheobhaidh Iberdrola Energía Internacional rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Caruna ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Comhdhlúthaíonn Iberdrola Energía Internacional láithreacht Iberdrola Group i bpríomhmhargaí lasmuigh de phríomhréimsí oibríochta Iberdrola Group. Tá sé gníomhach san Eoraip den chuid is mó (gan an Ríocht Aontaithe ná an Spáinn a áireamh). Tá Iberdrola Group gníomhach i nginiúint leictreachais, ceannach agus díol leictreachais agus gáis ar mhargaí mórdhíola, tarchur agus dáileadh leictreachais, soláthar miondíola leictreachais, gáis agus seirbhísí fuinnimh gaolmhara, agus gníomhaíochtaí eile atá nasctha go príomha leis an earnáil fuinnimh. Tá Iberdrola Group gníomhach den chuid is mó sa Spáinn, i mBallstáit eile an Aontais, sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe agus sa Bhrasaíl,

— Is oibreoir córais dáileacháin leictreachais é Caruna atá gníomhach in oibriú agus i bhforbairt líonraí dáileacháin leictreachais áirithe san Fhionlainn. Feidhmíonn sé i nDeisceart, in Iardheisceart agus in Iarthar na Fionlainne, agus i gcathair Joensuu, foréigiún Koillismaa agus Satakunta. Chomh maith le leictreachas a dháileadh, déanann Caruna líonraí leictreachais a chothabháil, a dheisiú agus a thógáil sna limistéir sin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12592 – IBERDROLA / CARUNA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË